



SCÉIM NA COMHAIRLE EALAÍON (2005-2008) MAIDIR LE
FEIDHMIÚ ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

THE ARTS COUNCIL SCHEME (2005-2008) FOR THE
IMPLEMENTATION OF THE OFFICIAL LANGUAGES ACT 2003

Clár

- 1 Intreoir agus cúlra
- 2 Ullmhúchán le haghaidh na scéime teanga
- 3 Ábhair na scéime teanga
- 4 Dáta tosaigh na scéime
- 5 Forléargas ar an gComhairle Ealaíon
- 6 Custaiméirí agus cliaint
- 7 Réimsí feidhme na Comhairle Ealaíon
 - 7.1 Feidhmeannas
 - 7.1.1 Cúlra
 - 7.1.2 Struchtúr
 - 7.2 Bord
- 8 Provision of General Services
 - 8.1 Suíomh gréasáin
 - 8.2 Nuachtlitr r.phoist
 - 8.3 Séanadh r.phoist
 - 8.4 Seoltaí r.phoist na Comhairle Ealaíon
 - 8.5 Foirmeacha iarratais (cóipeanna crua agus ar líne)
 - 8.6 Ábhair maidir le comhaontú maoinithe
 - 8.7 Foilseacháin
 - 8.8 Preasráitis
 - 8.9 Cuirí ar imeachtaí
 - 8.10 Teachtaireacht teileafóin
 - 8.11 Córais ríomhaireachta
 - 8.12 Cumarsáid labhartha
- 9 Forbairt na n-ealaíon i gceantair Ghaeltachta agus tionscnaimh eile de chuid na Comhairle Ealaíon chun na healaíona i nGaeilge a fhorbairt
 - 9.1 Forbairt na n-ealaíon i gceantair Ghaeltachta
 - 9.2 Úsáid logainmneacha oifigiúla Ghaeltachta agus comharthaí sa Chomhairle Ealaíon
 - 9.3 Comhpháirtíocht le TG4/Splanc
 - 9.4 Athbhreithniú ar an téatar Gaeilge
 - 9.5 Sparánachtaí litríochta Gaeilge
 - 9.5 Aosdána
- 10 Monatóireacht agus athbhreithniú

Contents

- 1 Introduction and background
- 2 Preparation for the language scheme
- 3 The content of the language scheme
- 4 Commencement date of the scheme
- 5 Overview of the Arts Council
- 6 Customers and clients
- 7 Functional areas of the Arts Council
 - 7.1 Executive
 - 7.1.1 Background
 - 7.1.2 Structure
 - 7.2 Board
- 8 Soláthar Seirbhísí Ginearálta
 - 8.1 Website
 - 8.2 Email newsletter
 - 8.3 Email disclaimer
 - 8.4 Arts Council email addresses
 - 8.5 Application forms (hard copy and online)
 - 8.6 Funding agreement materials
 - 8.7 Publications
 - 8.8 Press releases
 - 8.9 Invites to events
 - 8.10 Telephone message
 - 8.11 Computer systems
 - 8.12 Verbal communications
- 9 Development of the arts in Gaeltacht areas and other Arts Council initiatives to develop the arts in Irish
 - 9.1 Development of the arts in Gaeltacht areas
 - 9.3 Use of official names of Gaeltacht place names and signage in the Arts Council
 - 9.2 Partnership with TG4/Splanc
 - 9.3 Irish language theatre review
 - 9.4 Irish language literature bursaries
 - 9.5 Aosdána
- 10 Monitoring and review

1 Intreoir agus cúla

Ullmhaíodh an scéim seo faoi bhun Alt 11 de Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Cuireann an tAcht sin cearta reachtúla ar fáil i dtaca le soláthar seirbhísí poiblí de réir Alt 8 den Bhunreacht.

Forálann Alt 11 go n-ullmhófaí dréachtscéim chun a chinntiú go ndéanann comhlachtaí poiblí iarracht chun seirbhísí a sholáthar:

- (i) go huile is go hiomlán trí Ghaeilge
- (ii) go huile is go hiomlán trí Bhéarla, agus
- (iii) trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon.

Bhí sé riamh de nós ag an gComhairle Ealaíon, fad agus ab fhéidir é, gach cumarsáid agus gach doiciméad ba spéis leis an bpobal a fhoilsiú i mBéarla agus i nGaeilge araon, mar shampla, foirmeacha iarratais agus treoirlínte ar son iliomad dámhachtainí agus scéimeanna.

Bhí éileamh i gcónaí ann ar na seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthraíonn an Chomhairle Ealaíon, agus freastalaíodh ar an éileamh sin oiread agus ab fhéidir.

Thar chaitheamh na scéime seo, déanfaimid ár ndícheall a chur in iúl d'ealaíontóirí go mbíonn fáilte roimh iarratais i nGaeilge i ngach réimse ealaíne.

Táimid tiomanta do leanúint dár seirbhís reatha Ghaeilge agus is é ár n-aidhm, thar chaitheamh na scéime seo, ná an tseirbhís atá le fáil cheana a fheabhsú.

1 Introduction and background

This scheme was prepared under Section 11 of the Official Languages Act, 2003. The Act provides for statutory rights in relation to the delivery of public services as per Article 8 of the Constitution.

Section 11 of the Act provides for the preparation of a draft scheme to ensure that a public body endeavours to provide services:

- (i) exclusively through the medium of the Irish language
- (ii) exclusively through the medium of the English language, and
- (iii) through the medium of both the Irish and English languages.

The Arts Council traditionally has published, where possible, its communications and documents of public interest, including application forms and guidelines for many of its awards and schemes in both English and Irish.

A level of demand for services of the Arts Council through Irish has always existed and this has been met in as far as was practical and possible.

Over the time frame of this scheme we will endeavour to better inform artists that Irish medium applications in all artform areas are welcome.

We are committed to continuing our current service through Irish and we aim over the course of this scheme to enhance the service already available.

2 Ullmhúchán le haghaidh na scéime teanga

Ainmníodh an Chomhairle Ealaíon ar cheann de na chéad 25 comhlacht poiblí arbh éigean dóibh dréachtscéim a fhorbairt i dtús 2005.

D'fhonn ullmhú le haghaidh na scéime, bunaíodh Coiste Gaeilge inmheánach, a thacaigh leis an obair a bhain le forbairt na scéime sin.

Chuireamar comhairliúchán poiblí i gcrích mar pháirt dár gcomhthionscnamh le hÚdarás na Gaeltachta. Dá bharr sin, ní raibh iallach orainn próiseas comhairliúcháin a chur i gcrích le linn dúinn bheith ag ullmhú na scéime.

Mar chuid den phróiseas ullmhúcháin, d'eisíomar fógra poiblí ag rá go raibh sé beartaithe againn dréachtscéim a ullmhú faoi bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Fuarthas 11 aighneacht ar fad, agus ba é an t-eolas céanna, mórán mór, a bhí i gceithre cinn díobh sin.

3 Ábhar na scéime teanga

Is é aidhm na scéime seo ná feabhas a chur ar an tseirbhís trí Ghaeilge a bhí á tairiscint ag an gComhairle Ealaíon riamh. Imlínítear na seirbhísí atá le fáil i nGaeilge faoi láthair agus na pleananna atá ann chun soláthar seirbhísí a fheabhsú thar chaitheamh na scéime trí bliana seo.

4 Dáta tosaigh na scéime

Tá an scéim seo faofa ag bainisteoirí sinsearach agus ag bord na Comhairle Ealaíon. Tá sí faofa ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh thréimhse trí bliana ó 1 Iúil 2005.

2 Preparation for the language scheme

The Arts Council was designated as one of the first 25 public bodies to develop a draft scheme in the early part of 2005.

In preparation for this scheme, an internal Irish Language Committee was established and it has supported the work involved in developing this scheme.

We had conducted a public consultation process as part of our joint initiative with Údarás na Gaeltachta. Consequently we were not required to conduct a consultation process in preparing for this scheme.

As part of the preparation process, we issued a public notice of our intention to prepare a draft scheme under the Official Languages Act, 2003. A total of 11 submissions were received, four of which essentially contained the same information.

3 The content of the language scheme

This scheme aims to improve the service that the Arts Council has traditionally provided in the Irish language. It contains an outline of services currently available in Irish and plans to improve the provision of services over the course of this three year scheme.

4 Commencement date of the scheme

This scheme has been confirmed with the Arts Council senior management and board. It has been approved by the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs and will be in force for a period of three years from 1 July 2005.

5 Forléargas ar an gComhairle Ealaíon

Is comhlacht neamhspleách í an Chomhairle Ealaíon, a bunaíodh i 1951 chun cleachtadh na n-ealaíon a spreagadh agus spéis, eolas agus léirthuisicint i leith na n-ealaíon a spreagadh i measc an phobail. Is í príomhghníomhaireacht an stáit í maidir le maoiniú na n-ealaíon, agus comhairle a chur ar an Rialtas faoi ghnóthaí ealaíne. Feidhmíonn sí faoi bhun na nAchtanna Ealaíon 1951, 1973, agus 2003. Agus í ag saothrú ar son na n-ealaíon, coimisiúnaíonn agus foilsíonn an Chomhairle taighde agus eolas agus tugann faoi raon de thionscadail fhorbartha, cuid mhór díobh i bpáirt le gníomhaireachtaí eile de chuid na hearnála poiblí nó gníomhaireachtaí eile neamhrialtasacha.

Comhlacht deonach is ea an Chomhairle Ealaíon, ina bhfuil 12 comhaltaí agus cathaoirleach, arna cheapadh ag an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ar feadh thréimhse cúig bliana. Is i 2003 a ceapadh an dóú Comhairle Ealaíon déag.

I Meitheamh 2002, agus é ag fógairt na Comhairleachta nua, d'ainmnigh an Taoiseach John O'Donoghue T.D. mar Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Tháinig sé sna sála ar Shíle de Valera T.D., a bhí seal ina hAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán. Fanann an Chomhairle Ealaíon faoi choimrice na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

Tugann an Chomhairle Ealaíon tacaíocht do gach gné de na healaíona i nGaeilge agus i mBéarla - ailtireacht, rince, drámaíocht, scannáin, litríocht, ceol, ceoldráma, na healaíona traidisiúnta (a chuimsíonn lúibíní, agallaimh bheirte agus an amhránaíocht ar an sean-nós) agus na físealaíona. Chomh maith leis sin, ceapfar speisialtóir sorcais, sráidealaíne agus seónna go luath amach anseo. Tugaimid tacaíocht d'ealaíontóirí gairmiúla trí dhámhachtainí agus sparánachtaí a bhronnadh orthu agus trí Aosdána, meitheal d'ealaíontóirí

5 Overview of the Arts Council

The Arts Council is an autonomous body established in 1951 to stimulate public interest in and promote the knowledge, appreciation and practice of the arts. We are the Irish State's principal instrument of arts funding and an advisory body to Government on arts matters, operating under the Arts Acts of 1951, 1973, and 2003. As an advocate for the arts, we commission and publish research and information and undertake a range of development projects, often jointly with other public sector or non-governmental agencies.

The Arts Council is a voluntary body of 12 members and a chair, appointed by the Minister for Arts, Sport and Tourism for a term of five years. The twelfth Arts Council was appointed in 2003.

In June 2002, in announcing his new Cabinet, the Taoiseach named John O'Donoghue T.D. as the Minister for Arts, Sport and Tourism, replacing Síle de Valera, T.D. who was formerly Minister for Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands. The Arts Council remains under the aegis of the Department of Arts, Sport and Tourism.

The Arts Council supports all aspects of the arts, in Irish and in English - architecture, dance, drama, film, literature, music, opera, traditional arts (which includes lúibíní, agallaimh beirte and sean-nós singing as part of the brief) and visual arts. We will also be appointing a specialist in the area of circus, street art and spectacle in the near future. We support individual professional artists through direct awards and bursaries and through Aosdána, the affiliation of creative artists. We also support multi-disciplinary arts through

cruthaitheacha. Tugaimid tacaíocht do na healaíona ildisciplíneacha freisin, trí ghníomhaíochtaí agus saoráidí áirithe, mar shampla ionaid ealaíne, féilte agus na healaíona pobail. Soláthraímid maoiniú bliantúil agus maoiniú tionscadail do na céadta eagraíocht atá páirteach sna healaíona ar fud na hÉireann.

I gcomhpháirt leis na húdaráis áitiúla agus Údarás na Gaeltachta, páirtmhaoinímid 33 oifigeach ealaíne sna contaetha, sna cathracha agus sa Ghaeltacht, chomh maith le clár bhliantúla na n-oifigeach sin. Bímid ag saothrú i gcomhpháirt lenár gcomhghleacaithe i gComhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann ar raon leathan clár agus tionscadal.

Tá pleananna gnó curtha ar fáil ag an gComhairle le roinnt blianta anuas. I Márta 2004, rinne an Chomhairle Ealaíon cinneadh an Tríú Plean Ealaíne (2002-2006) a chur ar leataobh. Shocraigh an Chomhairle go gcaithfí fíís nua a chruthú ar na son na n-ealaíon a bheadh bunaithe ar chaidreamh láidir, oscailte, folláin le lucht na n-ealaíon. Tá straitéis nua ar son na n-ealaíon á forbairt ag an gComhairle i láthair na huairé (Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon). Tá Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon le bheith réidh faoi Mheán Fómhair 2005.

Le linn don scéim seo a bheith á dréachtú, bhíothas fós ag obair ar Chomhpháirtíocht ar son na nEalaíon. Caithfear cuimhneamh nach raibh treo na Comhairle róshoiléir le linn an ama seo, ach is cinnte go leanfaidh an Chomhairle de bheith ag feidhmiú mar chomhlacht bronnta deontas agus forbartha polasaí.

Cuireann an Chomhairle Ealaíon tuarascáil bhliantúil ar fáil gach bliain. Chomh maith leis sin, soláthraímid doiciméid pholasaí agus fillteáin eolais maidir le maoiniú agus foilsímid torthaí taighde.

activities and facilities such as arts centres, festivals and community arts. We provide annual and project funding to hundreds of organisations involved in the arts throughout Ireland.

In partnership with local authorities and Údarás na Gaeltachta, we part-fund 33 county, city and Gaeltacht arts officer posts and their year-round programmes. We co-operate on a wide range of programmes and projects with our counterpart, the Arts Council of Northern Ireland.

The Arts Council has produced business plans for a number of years. In March 2004, the Council made a decision to set aside its then third Arts Plan (2002-2006). The Council decided to forge a new vision for the arts based on a strong, open and healthy relationship with the arts community and is currently in the process of developing a new strategy for the arts (Partnership for the Arts). Partnership for the Arts is due to be complete by September 2005.

At the time that this scheme was being drafted, Partnership for the Arts was a work in progress. It must be noted that the future direction of the Council was not clearly defined at this juncture but it is certain that the Council will continue to be a grant making and policy developing body.

Each year the Arts Council produces an annual report. We also produce policy documents, information folders on funding and publish findings of research studies.

Bíonn an Chomhairle Ealaíon ag plé le heagraíochtaí ealaíne agus le healaíontóirí ar fud na tíre. Is é an líon foirne faoi láthair ná 45 (poist lánaimseartha) agus 13 speisialtóirí a fhostaítear ar bhonn comhairleach. Is in oifigí na Comhairle Ealaíon atá Pointe Teagmhála Cultúrtha na hEorpa (Éire) lonnaithe freisin. Is é seoladh ár n-oifigí 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

6 Custaiméirí agus cliaint

- Ealaíontóirí (sna foirmeacha ealaíne go léir)
- Eagraíochtaí ealaíne (lena n-áirítear ionaid tionóil ealaíne, cuideachtaí léiriúcháin, eagraíochtaí acmhainne agus seirbhísí, féilte agus imeachtaí)
- Boird sláinte
- An pobal i gcoitinne
- Údaráis áitiúla agus Údarás na Gaeltachta
- An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus comhaltaí eile Rialtais
- Aireachtaí Ealaíon agus Cultúir lasmuigh d'Éirinn
- Airí Stáit
- Comhairlí Ealaíon agus gníomhaireachtaí cultúrtha eile
- Nuachtáin agus irisí

7 Réimsí feidhme na Comhairle Ealaíon

7.1 Feidhmeannas

7.1.1 Cúlra

Rinneadh athstruchtúrú ó bhonn ar fhoireann na Comhairle Ealaíon le linn 2002. Mar pháirt den athstruchtúrú, fostaíodh speisialtóirí i roinnt foirmeacha ealaíne ar leith, Speisialtóir i Litríocht na Gaeilge ina measc. Is ar bhonn comhairleach a fhostaítear na speisialtóirí seo, d'fhonn comhairle a sholáthar i dtaobh polasaí, feidhmiú a mheas agus comhairle

The Arts Council deals with arts organisations and artists nationwide. We currently have a staff of 45 (full-time positions) and 13 specialists engaged on a consultancy basis. The European Cultural Contact Point (Ireland) is also housed in the Arts Council. Our offices are at 70 Merrion Square, Dublin 2.

6 Customers and clients

- Artists (working across all artforms)
- Arts organisations (including arts venues, production companies, resource and service organisations, festivals and events)
- Health boards
- General public
- Local authorities and Údarás na Gaeltachta
- Minister for Arts, Sports and Tourism and other members of Government
- Ministries of Arts and Culture outside of Ireland
- Ministers of State
- Other Arts Councils and cultural agencies
- Press

7 Functional areas of the Arts Council

7.1 Executive

7.1.1 Background

The Arts Council staff was radically restructured during 2002. As part of the restructuring, artform policy specialists, including an Irish Language Literature Specialist, were engaged on a consultancy basis to provide policy advice and implementation, appraisal and evaluation and critical advice on work. The policy specialists work on development strategies for each

léirmheastach a chur orainn i dtaobh na hoibre. Bíonn na speisialtóirí polasaí ag obair ar straitéisí forbartha le haghaidh gach ceann de na foirmeacha ealaíne agus cuireann siad comhairle ar an gComhairle faoi ealaíontóirí a bhfuil gealladh fúthu.

7.1.2 Struchtúr

Tá struchtúr obair na Comhairle roinnte i gceithre phríomhréimse:

Rannóg na gClár - a bhíonn ag plé le maoiniú bliantúil a leithdháileadh (deontais ioncain) agus le scéimeanna maoiniú caipitiúil le haghaidh eagraíochtaí ealaíne, lena n-áirítear ionaid tionóil, féilte agus imeachtaí, cuideachtaí léiriúcháin agus eagraíochtaí acmhainne agus seirbhísí.

An Rannóg Polasaí - polasaí ealaíne, eolas agus taighde, Teicneolaíocht an Eolais (TE), cumarsáid agus preas, bainistiú an tsuímh ghréasáin.

An Rannóg Forbartha - forbairt na n-ealaíon, lena n-áirítear forbairt na n-ealaíon áitiúil, na healaíona agus sláinte, na healaíona agus oideachas, rannpháirteachas sna healaíona, na healaíona idirnáisiúnta, tacaíocht d'ealaíontóirí aonair.

An Rannóg Riaracháin – Riarachán, maoiniú, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Corparáideacha.

Cé gurb iad lucht Rannóg na gClár is mó atá freagrach as deontais a leithdháileadh, bíonn páirt nach beag ag lucht na rannóg polasaí agus forbartha maidir le hiarratais ar dheontais a mheasúnú. Tá deontais ina ndlúthpháirt de dhualgais na bhfo-rannóg sna rannóga eile freisin (Forbairt na nEalaíon Áitiúil agus Seirbhísí Ealaíontóirí). Bíonn páirt lárnach ag an Rannóg Polasaí agus ag an Rannóg Forbartha i bhforbairt pholasaithe na Comhairle Ealaíon freisin.

artform area and also provide advice to the Council on artistic promise.

7.1.2 Structure

The structure of the Council's work is divided into four key areas:

Programme Department – dealing with the allocation of annual funding (revenue grants) and capital funding schemes for arts organisations including venues, festivals and events, production companies and resource and service organisations.

Policy Department – arts policy, information and research, IT, communications and press, website management.

Development Department – arts development, including local arts development, arts in health, education and the arts, arts participation, international arts, supports to individual artists.

Administration Department – administration, finance, HR and corporate services.

While the primary role of grant making is vested in the Programme Department, members of both the policy and development departments have significant input into the assessment of grant applications. Grant making is also a role of subsections of other departments (Local Arts Development and Artists' Services). The Programme and Development Departments also are key contributors in the development of Arts Council policies.

7.2 An bord

Bíonn an Chomhairle Ealaíon á rialú ag bord ar a bhfuil 12 comhaltaí, móide Cathaoirleach - is é an Rialtas a cheapann iad go léir.

Is iad na comhaltaí boird atá ann faoi láthair:

Olive Braiden (Cathaoirleach)
Noelle Campbell Sharpe
Willie Doherty
Theo Dorgan
Jerome Hynes
Philip King
Rosaleen Linehan
Orlaith McBride
John McGahern
Úna Ó Murchú
Mary Nunan
Emer O’Kelly
Patrick Sutton

Le linn don bhord a bheith ag maoirsiú obair an fheidhmeannais, daingníonn siad gach cinneadh deontais agus gach gné de cheapadh agus d’fhorbairt polasaí.

8 Soláthar seirbhísí ginearálta

Is é aidhm an ailt seo ná cuntas a thabhairt ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge na Comhairle Ealaíon mar atá faoi láthair, agus ar na pleananna le haghaidh iad a fheabhsú agus a fhorbairt thar thréimhse na scéime seo.

I gcomhthéacs na scéime seo, cloífead leis na gealltanais a thugamar maidir le caighdeán na seirbhísí do chustaiméirí agus soláthar na seirbhísí sin, is cuma cé acu i nGaeilge nó i mBéarla a chuirtear na seirbhísí sin ar fáil.

7.2 Board

The Arts Council is governed by a board of 12 members, plus a chair – all of whom are Government appointees.

The current board members are:

Olive Braiden (chair)
Noelle Campbell Sharpe
Willie Doherty
Theo Dorgan
Jerome Hynes
Philip King
Rosaleen Linehan
Orlaith McBride
John McGahern
Úna Ó Murchú
Mary Nunan
Emer O’Kelly
Patrick Sutton

The board in overseeing the work of the executive, ratifies all grant decisions and all aspects of policy making and development.

8 Provision of general services

This section aims to outline the Arts Council’s current provision of services through Irish and its plans for improvement and development over the period of this scheme.

In the context of this scheme, the customer service standard commitments adopted by us in relation to delivery of services to our customers shall apply to those services, whether delivered in the Irish language or in the English language.

8.1 Suíomh gréasáin

Mar atá faoi láthair

Tá an príomhshuíomh i nGaeilge agus i mBéarla faoi láthair. Is iad seo a leanas na rannóga sa phríomhshuíomh gréasáin:

Eolas faoin gComhairle Ealaíon
Deontais agus dámhachtainí
Nuacht agus imeachtaí
Súil ar aghaidh
Critical Voices
Cuardach agus mapa suímh
Saoráil faisnéise
Naisc agus acmhainní
Deasc Idirnáisiúnta/Pointe Teagmhála
Cultúrtha

Tá roinnt bunachar sonraí agus fo-rannóga ar an suíomh freisin:

Gailearaí
Leabharlann Fhíorúil
Auditoria
Aosdána
An ealaín phoiblí (Tá treoirlínte don scéim Céatadán ar son na nEalaíon le fáil ar an suíomh seo faoi láthair i nGaeilge agus i mBéarla).

Níl an t-eolas ar an leagan Gaeilge den suíomh chomh húr leis an eolas ar an leagan Béarla.

Pleananna don Todhchaí

Seo thíos imlíne den obair a dhéanfaimid thar thréimhse na scéime seo chun an suíomh gréasáin a uasdátú agus a chothabháil.

Tasc

Déanfaimid na rannóga seo a leanas den phríomhshuíomh a uasdátú ar aon chaighdeán leis an leagan Béarla:

- Eolas faoin gComhairle Ealaíon (ach amháin an Plean Gníomhaíochta)
- Nuacht agus imeachtaí (ach amháin preasráitis a eisíodh roimh 2005 agus an

8.1 Website

Current situation

The main website is currently available in Irish and English. The sections of the main website are:

About the Arts Council
Grants and awards
News and events
Looking to the future
Critical Voices
Search and site map
Freedom of information
Links and resources
International desk/ccp

The website also hosts a variety of databases and subsections:

Gallery
Virtual Library
Auditoria
Aosdána
Public art (Per cent for Art scheme guidelines are currently available in Irish and English on this site).

Information on the Irish site is not as up to date as the English version.

Future plans

The following is an outline of the work that we will undertake over the course of this scheme to update and maintain the website.

Task

We will update the Irish language version of the following sections of the main site to the same standard as the English version:

- About the Arts Council (with the exception of the Action Plan)
- News and events (with the exception of press releases pre 2005 and the Arts

rannóg faoi na hEalaíona sa Chóras Sláinte - féach thíos)

- Cuardach agus mapa suímh
- Saoráil faisnéise
- Deasc Idirnáisiúnta/Pointe Teagmhála Cultúrtha (príomhleathanach)

in Health Conference section – see below)

- Search and site map
- Freedom of information
- International desk/ccp (main page)

Amlíne: Márta 2005

Timeline: March 2005

- Deontais agus dámhachtainí

- Grants and awards

Amlíne: Meitheamh 2005

Timeline: June 2005

- Miontéacs na rannóige Deasc Idirnáisiúnta/Pointe Teagmhála Cultúrtha

- Detailed text of the international desk/ccp section

Amlíne: Márta 2006

Timeline: March 2006

- Nuacht agus imeachtaí/Comhdháil um na hEalaíona sa Chóras Sláinte

- News and events/Arts in Health Conference section

Amlíne: Márta 2006

Timeline: March 2006

Tá 'Critical Voices' agus 'Naisc agus Acmhainní' á n-athdhréachtú againn faoi láthair.

We are currently redrafting the 'Critical Voices' and 'Links and Resources' sections of the website.

Amlíne: Aistrefar na rannóga seo nuair a bheidh an t-athdhréachtú déanta.

Timeline: These sections will be translated when the redrafting is complete.

Is linne, faoi láthair, an suíomh gréasáin www.publicart.ie agus is muidne a óstaíonn é. Gheall an Chomhairle go bhfiosróimid cé chomh hindéanta is a bheadh sé eagraíocht acmhainne a fhorbairt ar son na healaíne poiblí. Seans go léireoidh an staidéar sin gurb í an Chomhairle Ealaíon is fearr a fheidhmeoidh mar eagraíocht acmhainne ar sin na healaíne poiblí.

We currently host and own the website www.publicart.ie. The Council has committed to investigating the feasibility of the development of a resource organisation for public art. This study may or may not indicate that the Arts Council is best placed as the resource organisation for public art.

Amlíne: Aistreoimid an t-eolas ar publicart.ie go luath i 2006 agus leanfimid ag cothabháil an tsuímh ghréasáin fad is a bheidh sé inár seilbh.

Timeline: We will translate the information on publicart.ie in early 2006 and thereafter we will maintain the website for as long as it remains in our ownership.

Tá beartaithe againn rannóg Aosdána dár suíomh gréasáin a uasdátú amach anseo. Nuair a bheidh an obair sin déanta, aistrefar an rannóg seo den suíomh go Gaeilge.

We plan to update the Aosdána section of our website in the future. When this body of work has been completed, this section of the site will then also be translated into Irish.

Amlíne: Ag brath ar chinneadh maidir le sprioc ama d'uasdátú an leagain Bhéarla den suíomh seo.

Timeline: Pending decision on timeline to update English version of this site.

De réir mar a théann clár oibre na Comhairle Ealaíon ar aghaidh, déanfar an suíomh gréasáin a fhorbairt bord ar bord leis. Is i nGaeilge a dhéantar roinnt dár gcuid oibre an chéad lá riamh, agus aistrítear go Béarla ar ball é, agus vice versa. Dá bharr sin, ní go comhuaineach a fhoilseofar na leaganacha Gaeilge agus Béarla d'ábhair nua ar an suíomh gréasáin.

As the work programme of the Arts Council progresses and changes the website will develop accordingly. Some of our work is completed in Irish in the first instance and then translated into English and vice versa. Publication, therefore, of both language versions of new material on the website will not be simultaneous.

8.2 Nuachtlitir r.phoist

Mar atá faoi láthair

Tá nuachtlitir Bhéarla á foilsiú ag an gComhairle Ealaíon ó Mheán Fómhair 2003. Is é an líon léitheoirí faoi láthair ná 4,000 agus tá an líon sin ag méadú i gcónaí. Ina measc tá eagraíochtaí ealaíne, ealaíontóirí, polaiteoirí, na meáin chumarsáide agus na seirbhísí taidhleoireachta thar lear.

Pleananna don Todhchaí

I bhFeabhra 2005, sheolamar leagan Gaeilge den nuachtlitir. Ó sin amach tá an nuachtlitir á foilsiú i mBéarla agus i nGaeilge.

Tá rogha ag an léitheoir an nuachtlitir a fháil i gceachtar den dá theanga, nó sa dá theanga araon.

Táimid tiomanta don tseirbhís seo a sholáthar thar thréimhse na scéime.

8.2 Email newsletter

Current situation

The Arts Council has issued a monthly English newsletter since September 2003. The current readership figure is 4,000 and rising. Recipients include arts organisations, artists, politicians, media and the diplomatic services abroad.

Future plans

In February 2005 we launched the Irish language version of the newsletter. The newsletter is now published simultaneously in both English and Irish.

The user has the option to receive the newsletter in either language or both. We commit to providing this service over the period of the scheme.

8.3 Séanadh r.phoist

Mar atá faoi láthair

Is i mBéarla amháin atá an séanadh r.phoist.

Pleananna don Todhchaí

Táimid tiomanta do shéanadh r.phoist dátheangach a bheith againn faoi dheireadh 2005.

8.3 Email disclaimer

Current situation

Email disclaimers are currently in English only.

Future plans

We commit to having bilingual email disclaimers by the end of 2005.

8.4 Seoltaí r.phoist na Comhairle Ealaíon Mar atá faoi láthair

Is i mBéarla amháin atá seoltaí r.phoist na Comhairle Ealaíon faoi láthair (m.sh. firstname.lastname@artscouncil.ie).

Pleananna don Todhchaí

Táimid tiomanta do sheoltaí r.phoist i nGaeilge agus i mBéarla a chur ar fáil faoi lár na bliana 2006 (m.sh. firstname.lastname@anchomhairleealaion.ie).

8.5 Foirmeacha iarratais

(cóipeanna crua agus ar líne)

Mar atá faoi láthair

Gach bliain, eisiúnn an Chomhairle Ealaíon foirmeacha iarratais do na deiseanna maoinithe seo a leanas:

Maoiniú bliantúil le haghaidh eagraíochtaí ealaíne (ioncam)
Údarás áitiúil agus maoiniú bliantúil
Maoiniú caipitiúil
Maoiniú le haghaidh féilte beaga
Tacaíocht d'Ealaíontóirí

Foirmeacha iarratais - cóip crua

Tá gach foirm iarratais le fáil mar chóip crua. Tá na foirmeacha iarratais le haghaidh dheontais ioncaim bhliantúil agus Maoiniú Caipitiúil le fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Tá na foirmeacha Tacaíocht d'Ealaíontóirí, ach amháin Banff agus Location 1, le fáil i nGaeilge agus i mBéarla freisin.

Foirmeacha iarratais ar líne

Le roinnt blianta anuas, tá seirbhís iarratais ar líne i nGaeilge agus i mBéarla á tairiscint againn i dtaca le hiarratais mhaoinithe bhliantúla a dhéanann eagraíochtaí ealaíne. Tá an tseirbhís sin á hathbhreithniú faoi láthair.

Maidir le Tacaíocht d'Ealaíontóirí, tá dámhachtain amháin (Tionscadail) nach bhfuil ach leagan Béarla de le fáil ar líne.

8.4 Arts Council email addresses

Current situation

Arts Council email addresses are currently available in English only (e.g. firstname.lastname@artscouncil.ie).

Future plans

We commit to providing email addresses in Irish and in English by mid 2006 (e.g. firstname.lastname@anchomhairleealaion.ie).

8.5 Application forms

(hard copy and online)

Current situation

The Arts Council each year issues application forms for the following funding opportunities:

Annual funding for arts organisations (revenue)
Local authority annual funding
Capital funding
Small festivals funding
Supports for Artists

Hard copy application forms

All application forms are available in hard copy format. Annual revenue grant application forms and Capital funding applications forms are available in Irish and English. Supports for Artists application forms, with the exceptions of Banff and Location1, are also available in Irish and English.

Online application forms

We have been operating an online application service for annual funding applications for arts organisations in Irish and English for the past number of years. This service is now under review.

In the area of Supports for Artists, one award (Projects) has been available online in English only.

Pleananna don Todhchaí

Foirmeacha iarratais - cóip crua

Leanfaidh an Chomhairle Ealaíon de bheith ag soláthar na bhfoirmeacha iarratais go léir atá le fáil i nGaeilge agus i mBéarla faoi láthair.

Táimid tiomanta d'fhoirmeacha iarratais údarás áitiúil a chur ar fáil i nGaeilge faoi 2006.

Chomh maith leis sin, táimid tiomanta d'fhoirmeacha iarratais Banff agus Location 1 a sholáthar i nGaeilge faoi 2006.

Foirmeacha iarratais ar líne

Faoi láthair, táimid ag athbhreithniú ár seirbhís iarratais ar líne le haghaidh maoiniú bliantúil le haghaidh eagraíochtaí ealaíne, is é sin na deontais ioncaim. Níl sé deimhnithe fós go mbeidh an tseirbhís seo le fáil san am atá le teacht. Má shorcaímid seirbhís iarratais ar líne a thairiscint le haghaidh na ndeontas ioncaim, geallaimid í a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Chomh maith leis sin, táimid ag obair ar sheirbhís ar líne a fhorbairt le haghaidh dámhachtainí ealaíontóirí. Cuirfear seirbhís iarratais ar líne ar fáil le haghaidh Sparánachtaí, Tionscadal agus Coimisiún. Tá an tseirbhís seo le tionscnamh le linn 2005 agus beidh sí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon.

8.6 Ábhair maidir le comhaontú maoinithe

Mar atá faoi láthair

Úsáidtear doiciméid fhoirmeálta sna comhaontuithe maoinithe idir an Chomhairle Ealaíon agus eagraíochtaí agus daoine aonair a fhaigheann maoiniú.

Tá fáil ar leaganacha Gaeilge agus Béarla de na foirmeacha seo a leanas, a bhaineann le coinníollacha an chúnamh dheontais:

Future plans

Hard copy application forms

The Arts Council will continue to provide in Irish and English, all application forms currently available in both languages.

We will commit to providing local authority application forms in Irish for 2006.

We also commit to providing Banff and Location 1 application forms in Irish for 2006.

Online application forms

We are currently reviewing our service of online applications for annual funding for arts organisations (revenue) grants. It has not yet been confirmed if this service will be available in future. If we decide to offer an online application service for these revenue grants, we commit to offering it in Irish and English.

We are also working on the development of an online service for artists' awards. This will provide an online application service for Bursaries, Projects and Commissions. This service is due to be rolled out during 2005 and will be available in both Irish and English.

8.6 Funding agreement materials

Current situation

Formal documentation forms part of funding agreements between the Arts Council and funded organisations and individuals.

The following forms in relation to conditions of grant aid are currently available in Irish and English:

CE1 Coinníollacha Caighdeánacha
CE9 Sceidil Tarraingt Anuas

Is i mBéarla amháin, i láthair na huaire, atá an fhoirm thuairiscithe le haghaidh maoiniú indibhidiúil (Sparánachtaí agus Dámhachtainí).

Pleananna don Todhchaí

Leanfaimid de bheith ag soláthar na bhfoirmeacha Gaeilge agus Béarla atá ar fáil faoi láthair.

Táimid tiomanta de leaganacha Gaeilge agus Béarla den Fhoirm Thuairiscithe (Sparánachtaí agus Dámhachtainí) a chur ar fáil ó 2006 ar aghaidh.

8.7 Foilseacháin

Mar atá faoi láthair

Tá an Chomhairle Ealaíon tar éis tús a chur le doiciméid pholasaí, tuarascálacha bliantúla srl a fhoilsiú go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla. I 2004, d'fhoilsíomar leaganacha dátheangacha de na doiciméid pholasaí agus de na tuarascálacha bliantúla seo a leanas:

Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Ealaíon 2003, Tuarascáil Bhliantúil Aosdána 2003, I dTreo Beartas um na hEalaíona Traidisiúnta, agus Straitéis um Fhorbairt na nEalaíon sa Ghaeltacht.

Chomh maith leis sin, cuireadh leaganacha Béarla agus Gaeilge ar fáil den fhillteán eolais Tacaíocht d'Ealaíontóirí '05.

Pleananna don Todhchaí

Tá an Chomhairle Ealaíon ag obair faoi láthair ar straitéis nua a fhorbairt ar son na n-ealaíon. De réir mar a chuirtear an straitéis i bhfeidhm, is fearr a bheidh a fhios againn cad iad na cineálacha foilseachán a bheidh á bhfoilsiú againn amach anseo. Tá súil againn aghaidh a thabhairt air seo sa chéad scéim eile.

CE1 Standard Conditions
CE9 Draw Down Schedules

The report form for individual funding (Bursaries and Awards) is currently available in English only.

Future plans

We will continue to provide the current provision of forms in Irish and English.

We commit to providing the Report Form (Bursaries and Awards) in both Irish and English from 2006.

8.7 Publications

Current situation

The Arts Council has commenced work on the publication of both bilingual and Irish and English versions of policy documents, annual reports etc. In 2004, we published bilingual versions of the following policy documents and annual reports:

Arts Council's Annual Report 2003, Aosdána Annual Report 2003, Towards a Policy for the Traditional Arts and Strategy for the Development of the Arts in the Gaeltacht.

The information folder Supports for Artists '05 was also made available in English and Irish.

Future plans

The Arts Council is currently working on the development of a new strategy for the arts. We will be in a better position to assess the type of publications that we may publish in the future during the roll out of the strategy. We hope to address this area in our next scheme.

8.8 Preasráitis

Mar atá faoi láthair

Ó Eanáir 2005 tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do gach preasráiteas a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla.

Pleananna don Todhchaí

Leanfaimid de bheith ag soláthar na seirbhíse seo thar thréimhse na scéime.

8.9 Cuirí ar imeachtaí

Mar atá faoi láthair

Cuireann an Chomhairle Ealaíon cuirí amach go dtí na himeachtaí a óstaíonn siad (m.sh. lainseálacha, ócáidí fáilte srl). Le tamall anuas, is go dátheangach a chuirtear na cuirí seo i gcló.

Pleananna don Todhchaí

Leanfaidh an Chomhairle Ealaíon ag cur cuirí dátheangacha i gcló go dtí a cuid imeachtaí go léir.

8.10 Teachtaireacht teileafóin

Mar atá faoi láthair

Is teachtaireacht dhátheangach an teachtaireacht ghutha a bhíonn le cloisteáil ar an bpríomhlasc lasmuigh d'uaireanta oifige. Is i mBéarla atá teachtaireachtaí glórphoist beagnach gach duine den fhoireann.

Pleananna don Todhchaí

Coimeádófar an teachtaireacht ghutha dhátheangach ar an bpríomhlasc lasmuigh d'uaireanta oifige.

8.11 Córais ríomhaireachta

Mar atá faoi láthair

Níl sé d'acmhainn ag ár gCóras Faisnéis Bainistíochta (MIS) plé le teanga ar bith ach Béarla. Úsáidtear an córas sin le haghaidh deontais a bhainistiú chomh maith. Tá a

8.8 Press releases

Current situation

Since January 2005 the Arts Council has committed to issuing all press releases in Irish and English.

Future plans

We will continue our commitment to providing this service over the duration of this scheme.

8.9 Invites to events

Current situation

The Arts Council issues invitations to events which it is hosting (e.g. launches, receptions etc.). In recent times these invitations have been printed bilingually.

Future plans

The Arts Council commits to continuing to print bilingual invitations to its events.

8.10 Telephone message

Current situation

The voice message on the main switch out of hours is bilingual. Voicemail messages of almost all staff are in English.

Future plans

The voice message on the main switch out of hours will continue to be bilingual.

8.11 Computer systems

Current situation

Our management information system (MIS), which is also our grant management system is only capable of handling English language

fhios againn go gcruthaíonn sé sin deacrachtaí do chliant i gceantair Ghaeltachta a bhfuil seoltaí Gaeilge acu, mar ní féidir freastal ar riachtanais na sínte fada sa chomhfhreagrú agus na seiceanna a chuireann an córas seo ar fáil.

Maidir le litreacha nach gcuirtear ar fáil tríd an MIS, úsáidimid an mapa carachtar speisialta i gcóras oibriúcháin Windows XP. Is i mBéarla atá ár gcórais oibriúcháin uile faoi láthair.

Pleananna don Todhchaí

Cuirfear an riachtanas sínte fada san áireamh sa chéad uasghrádú mór eile a dhéanfar ar ár gcórais TE inmheánacha (an MIS san áireamh).

Más mian le ball foirne go suiteálfaí leagan Gaeilge de Microsoft Office ar a ríomhaire (nuair a chuireann Microsoft leagan uasdátaithe ar fáil), geallaimid go gcuirfimid ar fáil é don bhall foirne a lorgaíonn é.

8.12 Cumarsáid labhartha

I 2004, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar chumas teanga na foirne.

Táimid tiomanta, thar thréimhse na scéime seo, do clár traenála le haghaidh na foirne. Is é aidhm na traenála seo ná cur le scileanna teanga fhoireann na Comhairle Ealaíon. Is é cuspóir fadtéarmach an chlár thraenála ná saothrú i dtreo na cumarsáide labhartha i nGaeilge. Déanfaimid athbhreithniú ar chaighdeán scileanna teanga na foirne sa chuid dheireanach den trí bliain den scéim seo, ag súil le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa chéad scéim eile.

Aithneofar roinnt ball foirne a thabharfaidh faoi chlár traenála sonrath. Ina measc, beidh duine amháin ar a laghad d'fhoireann na hoifige fáilte.

text. We understand that this causes problems to our clients with Irish addresses and in Gaeltacht areas as correspondence and cheques generated from this system cannot deal with the Irish language sínte fada requirements.

When generating letters which do not need to be generated from our MIS, we use the special character map from the operating system Windows XP. Our operating systems are all currently in English.

Future plans

With the next major upgrade of our internal IT systems (including MIS), we will take the Irish language sínte fada requirements into account.

If a staff member requests to have Microsoft Office installed in Irish on their computers (when an updated version is available from Microsoft), we commit to providing this for the staff members who have specifically requested it.

8.12 Verbal communications

In 2004, the Arts Council compiled a staff linguistic competency review.

We commit over the period of this scheme to develop a programme of staff training. The aim of the training will be to improve the current language skills of staff in the Arts Council. The long term objective of the training programme will be to strive to deliver verbal communications in the Irish language. We will review the standard of staff language skills during the final part of the third year of this scheme, with a view to moving forward in the next scheme.

We will identify a core number of staff initially to undergo a targeted training programme. This will include at least one of our reception staff.

Tosóimid ag obair chun tuilleadh clár traenála a aithint agus spriocanna ama a shocrú maidir le pleananna don chuid eile de thréimhse na scéime, sa chuid dheireanach de 2005, nuair a bheidh 'Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon' réidh.

Féachfaimid conas is féidir freastal ar mhianta na ndaoine sin ar mian leo Gaeilge a labhairt le linn mórchrúinnithe comhairliúcháin phoiblí a eagraíonn an Chomhairle Ealaíon thar chaitheamh na scéime seo. Is féidir, ag brath ar thoradh na measúnachta, gur sa chéad scéim eile a thabharfar aghaidh ar an gceist seo.

Chomh maith leis sin, táimid tiomanta do gach ball foirne a spreagadh chun dul i ngleic leis an nGaeilge agus cuirfimid ócáidí neamhfhoirmeálta ar fáil (m.sh. sosanna tae) ina mbeidh deis ag an bhfoireann comhrá Gaeilge a dhéanamh. Déanfar sin i gcomhthéacs thiomantas na Comhairle do bheith ag cothú chomhbhá i leith na Gaeilge i measc na foirne.

9 Forbairt na n-ealaíon sna ceantair Ghaeltachta agus tionscnaimh eile de chuid na Comhairle Ealaíon chun na healaíona i nGaeilge a fhorbairt

9.1 Forbairt na n-ealaíon sna ceantair Ghaeltachta

Rinne an Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta plean a fhorbairt a leagann síos creatlach straitéiseach maidir le forbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht 2005-2009. Forbraíodh é i gcomhthéacs na comhpháirtíochta idir an Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta, a bhfuil sé d'aidhm aige forbairt na n-ealaíon comhaimseartha agus traidisiúnta a spreagadh laistigh den Ghaeltacht. Sa phlean seo, leagtar síos sraith de thosaíochtaí agus de ghníomhaíochtaí straitéiseacha le haghaidh an dá eagraíocht

We will begin work on identifying training programmes and the roll out of plans for the remaining time of the scheme, in the latter part of 2005, when 'Partnership for the Arts' has been completed.

We will consider ways of facilitating those who wish to speak in Irish at major public consultation meetings held by the Arts Council over the course of this scheme. This issue may, depending on the outcome of our assessment, be addressed in our next scheme.

We also commit to encouraging all staff to engage with the Irish language and will offer intermittent informal opportunities (e.g. tea breaks) for staff to converse in Irish. This will be part of the Council's commitment to encouraging staff to embrace the Irish language.

9 Development of the arts in Gaeltacht areas and other Arts Council initiatives to develop the arts in Irish

9.1 Development of the arts in Gaeltacht areas

A plan has been developed between the Arts Council and Údarás na Gaeltachta to set out a strategic framework for the development of the arts in the Gaeltacht 2005-2009. It was developed in the context of the partnership between the Arts Council and Údarás na Gaeltachta to advance the development of the contemporary and traditional arts within the Gaeltacht. A series of strategic priorities and actions for both bodies and other relevant agencies are set out over the period of the plan. These priorities and

agus gníomhaireachtaí ábhartha eile thar thréimhse an phlean. Is é cuspóir na dtosaíochtaí agus na ngníomhaíochtaí seo ná deimhin a dhéanamh de:

- go gcuirtear na healaíona chun lántairbhe an tsaoil chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch sa Ghaeltacht agus
- go n-admhaítear an chomaoin ar leith a chuireann ealaíontóirí agus pobail Ghaeltachta ar shaol ealaíne na hÉireann agus tíortha thar sáile.

Bunaíodh an chomhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon i 1997 tar éis don dá eagraíocht imní a léiriú faoi leibhéil fhorbartha sna healaíona sa Ghaeltacht. Bhí siad ar aon aigne faoin ngá a bhí le hiarracht fhócasaithe ar leith chun tacú leis na healaíona Gaeilge, go háirithe sa Ghaeltacht. I 1998, bhunaigh an dá eagraíocht, i gcomhpháirt a chéile, Ealaín na Gaeltachta. Fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta atá ann, a ceapadh chun cabhrú le forbairt na n-ealaíon ag leibhéal réigiúnach sa Ghaeltacht. Ó bunaíodh í, tá Ealaín na Gaeltachta tar éis a dintiúirí a chruthú i measc ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíne, agus i measc na n-eagraíochtaí agus na bpobal áitiúil atá páirteach inti. Tá foireann ann atá in ann tacú le forbairt chleachtadh na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha.

Eagraíodh sraith chuimsitheach de chruinnithe poiblí comhairliúcháin sna ceantair Ghaeltachta le linn don phlean seo a bheith á ullmhú.

Mar pháirt dár bpleananna le haghaidh fhorbairt na n-ealaíon Gaeilge, tá súil ag an gComhairle Ealaíon comhpháirtíochtaí a bhunú le Foras na Gaeilge agus Bord na Leabhar Gaeilge.

actions are intended to ensure that:

- the potential contribution of the arts to cultural, social and economic life in the Gaeltacht is fully realised and
- the distinctive contribution which can be made by artists and communities within the Gaeltacht to artistic life in Ireland and internationally is supported and recognised.

The partnership between Údarás na Gaeltachta and the Arts Council was established in 1997 in response to concerns expressed by both organisations regarding the level of arts development in the Gaeltacht. It was agreed that support of the arts in the Irish language, and in the Gaeltacht in particular, required focused attention. In 1998, the partnership of both organisations formed Ealaín na Gaeltachta, a subsidiary of Údarás na Gaeltachta, structured to support arts development at a regional Gaeltacht level. Since its establishment, Ealaín na Gaeltachta has earned credibility among artists, arts organisations, participating local organisations and communities as a team capable of supporting the development of traditional and contemporary arts practice.

Extensive public consultation meetings were held in Gaeltacht areas in the preparatory stages of this plan.

As part of its future plans for the development of the Irish language arts the Arts Council hopes to build partnerships with Foras na Gaeilge and Bord na Leabhar Gaeilge.

9.3 Úsáid logainmneacha oifigiúla Gaeltachta agus comharthaí sa Chomhairle Ealaíon

I gcás go n-úsáidtear logainmneacha i bhfoilseacháin de chuid na Comhairle Ealaíon, bainfear úsáid as leaganacha Gaeilge na logainmneacha Gaeltachta.

Is go dátheangach a bheidh na comharthaí in oifigí na Comhairle Ealaíon.

9.2 Comhpháirtíocht le TG4/Splanc

Is muidne a mhaoiníonn an tionscnamh úd de chuid TG4, Splanc! Tacaíonn an scéim seo le hiarratasóirí chun cláir theilifíse úra nuálaíoch a dhéanamh i dtaobh na n-ealaíon comhaimseartha agus traidisiúnta i nGaeilge.

9.3 Athbhreithniú ar an téatar Gaeilge

Rinne an Chomhairle Ealaíon abhus agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann athbhreithniú ar an Téatar Gaeilge i 2001. I 2004, dréachtaíodh doiciméad inmheánach i bhfianaise an taighde sin agus cuireadh roinnt moltaí i láthair ann. Le linn don scéim seo a bheith á dréachtú, bhí an Chomhairle fós ag déanamh a machnaimh faoin doiciméad sin agus faoi na moltaí ann.

9.4 Sparánachtaí litríochta Gaeilge

Mar pháirt den tacaíocht a thugaimid d'ealaíontóirí aonair, tairgimid roinnt sparánachtaí litríochta do scríbhneoirí Gaeilge faoin gclár Tacaíocht d'Ealaíontóirí. Is trí Ghaeilge a dhéantar an measúnú uile le haghaidh na sparánachtaí litríochta Gaeilge, ón gcéim ghearrliostaithe go dtí an measúnú le painéal comhghleacaithe (scríbhneoirí Gaeilge gairmiúla). Is trí Ghaeilge a dhéantar an gnó go léir.

9.3 Use of official names of Gaeltacht place names and signage in the Arts Council

When place names are used in Arts Council publications we will use the Irish version of Gaeltacht place names.

Signage in the offices of the Arts Council will be bilingual.

9.2 Partnership with TG4/Splanc

We fund the TG4 Splanc! initiative. This scheme supports the making of new and innovative television programmes about contemporary and traditional arts in Irish.

9.3 Irish language theatre review

The Arts Council/An Chomhairle Ealaíon and the Arts Council of Northern Ireland carried out a review of Irish Language Theatre in 2001. In 2004 an internal response document with recommendations was drafted. At the time of the drafting of this scheme the document and its recommendations were being considered by Council.

9.4 Irish language literature bursaries

As part of our support to individual artists, we offer a number of Irish language literature bursaries under the Supports for Artists programme. The entire assessment of the Irish language literature bursaries is undertaken in Irish, from the initial shortlisting stage right through to the actual peer panel assessment (by professional Irish writers), where again, all business is conducted through Irish.

9.5 Aosdána

Meitheal d'ealaíontóirí cruthaitheacha in Éirinn is ea Aosdána. Bunaíodh i 1981 é chun ómós a thabhairt d'ealaíontóirí a bhfuil saothar suaithinseach déanta acu sna healaíona in Éirinn agus chun scríbhneoirí a spreagadh chun iomlán a ndúthrachta a chaitheamh le healaín. Tá roinnt scríbhneoirí Gaeilge i measc chomhaltaí Aosdána.

9.5 Aosdána

Aosdána is an affiliation of creative artists in Ireland. It was established in 1981 to honour artists whose work has made an outstanding contribution to the arts in Ireland and to encourage and assist members in devoting their energies fully to their art. A number of Irish language writers are members of Aosdána.

10 Monatóireacht agus athbhreithniú

Baineann freagrachtaí na scéime seo leis an eagraíocht go léir. Is iad bainisteoirí sinsearacha na Comhairle Ealaíon a bheidh freagrach as deimhin a dhéanamh de go bhfuiltear ag cloí leis an scéim agus is é an tOifigeach Ealaíne sa Rannóg Polasaí a bheidh freagrach as feidhmiú na scéime ó lá go lá a mhaoirsiú.

10 Monitoring and review

The responsibilities under this scheme are an organisation wide responsibility. Overall responsibility to ensure compliance with the scheme will rest with the senior management team of the Arts Council with the day to day running being supervised by the Arts Officer in the Policy Department.